Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Eanáir 2022
(OR. fr)

5193/22

TRANS 8
RELEX 21

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | st 5121/22 |
| Ábhar: | Comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus an Úcráin chun léarscáil tháscach na dtíortha comharsanacha a oiriúnú de réir bhrí Airteagal 49(6), de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T)<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 7 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin, i nóta[1], go raibh rún aige tús a chur le caibidlíocht i ndáil le comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus an Úcráin maidir leis na gréasáin bonneagair iompair chun go nglacfar, tar éis an ionstraim neamhcheangailteach sin a shíniú, gníomh tarmligthe lena ndéanfar léarscáil tháscach na hÚcráine atá ann cheana a oiriúnú de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T).

[1] 5121/22.

2. Go deimhin, tá sé curtha in iúl ag an Úcráin don Choimisiún gur mian léi athruithe a dhéanamh ar an léarscáil tháscach sin. Síníodh Comhaontú Ardleibhéil idir an tAontas agus an Úcráin an 24 Samhain 2017 agus glacadh léarscáileanna táscacha ina dhiaidh sin agus cuireadh i gceangal le Rialachán TEN-T iad.[2]

3. Na hathruithe a d'iarr an Úcráin ar léarscáil tháscach TEN-T ar a críoch, baineann siad le bonneagar iarnróid, bonneagar uiscebhealaí agus bonneagar bóithre.

4. Rinne an Mheitheal an nóta ó sheirbhísí an Choimisiúin, maidir leis an ábhar sin, a phlé an 13 Eanáir 2022. D'iarr roinnt toscaireachtaí tuilleadh faisnéise maidir le suíomh na ranna a mbaineann an iarraidh ón Úcráin leo. Roinneadh an fhaisnéis sin leis na toscaireachtaí ina dhiaidh sin. Níor chuir aon cheann de na toscaireachtaí i gcoinne údarás a bheith tugtha don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht.

5. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an gComhairle arís ag deireadh na caibidlíochta chun a iarraidh uirthi údarú a thabhairt dó maidir le síniú an Comhaontaithe Ardleibhéil thar ceann an Aontais.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a údarú don Choimisiún an comhaontú ardleibhéil thuasluaite idir an tAontas agus an Úcráin a chaibidil.

---

[2] Rialachán tarmligthe (AE) 2019/254 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 i ndáil le hoiriúnú Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (IO L 43, 14.2.2019, lch. 1).